



Imlitir 0025/2013

Chuig: Údaráis Bainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais

CEANGLAS GO gCLÁRÓIDH MÚINTEOIRÍ I SCOILEANNA AITHEANTA LEIS AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
TOSACH FEIDHME ALT 30 AN 1 SAMHAIN 2013

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna le déanaí go dtosóidh feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an **1 Samhain 2013**.

Is é is cuspóir don Imlitir seo–

- Comhairle a chur ar dhaoine neamhchláraithe atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta i scoileanna aitheanta agus a bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha acu chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta **IARRATAS A DHÉANAMH LÁITHREACH** chuig an gComhairle, mar tig leis an bpróiseas leanúint ar aghaidh ar feadh roinnt míonna,
- Na hiarmhairtí fostaíochta a mhíniú i gcás daoine cáilithe agus neamhcháilithe atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta i scoileanna aitheanta agus atá neamhchláraithe an 1 Samhain 2013 nó dá éis,
- An cur chuige atá le leanúint maidir le poist ina bhfuil daoine neamhchláraithe nach bhfuil cáilithe a mhíniú, agus
- Treoir a thabhairt do Bhoird Bainistíochta agus do Choistí Gairmoideachais maidir le ceapacháin chuig poist mhúinteoireachta a mhaoiníonn an tOireachtas i scoileanna aitheanta, ag féachaint do dháta tosach feidhme le haghaidh Alt 30 arb é an 1 Samhain 2013 é.

Ní mór do gach fostóir na rialacha agus na nósanna imeachta a chur i ngníomh le héifeacht láithreach agus ní mór do gach múinteoir cloí le téarmaí na himlitreach seo.

Cinntigh, le do thoil, go soláthraítear cóipeanna den imlitir seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/den Choiste Gairmoideachais. Moltar d'fhostóirí aird gach duine ina bhfostaíocht a bhfuil post mhúinteoireachta acu a dhíriú ar a bhfuil san imlitir seo **lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta d'aon chineál, le pá nó gan phá.**

Is féidir rochtain a fháil ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Eolas – Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta.

Dalton Tattan
Príomhoifigeach
Téarmaí agus Coinníollacha
Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta
15 Bealtaine 2013

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla
15 Bealtaine 2013

Sainmhínte

Chun críocha na himlitreach seo, beidh ag na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh anseo mura léirítear a mhalairt sa chomhthéacs:

Lárionad oideachais – ciallaíonn sé áit, seachas scoil nó áit a sholáthraíonn oideachas ollscoile nó oideachas eile trú leibhéal, ina soláthraítear oideachas aosach nó leanúnach nó gairmoideachas nó gairmoiliúint agus atá ainmnithe chun na críche sin faoi Alt 10(4) den Acht Oideachais, 1998;

Roinn – ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna;

Fostóir – ciallaíonn sé Coiste Gairmoideachais do ghairmscoileanna/do choláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna saorálacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe a leagtar amach san imlitir seo a tharmligeán chuig Príomhoide na scoile;

Scoil aitheanta – ciallaíonn sé scoil a aithníonn an tAire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998;

Múinteoir cláraithe – ciallaíonn sé múinteoir a bhfuil a ainm/a hainm taifeadta ar chlár na Comhairle Múinteoireachta; agus

An Chomhairle Mhúinteoireachta – ciallaíonn sé an Chomhairle a bunaíodh faoi Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

1. Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001

- 1.1 Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 mar rialálaí ar ghairm na múinteoireachta. Déanann an Chomhairle caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn. Gníomhaíonn sí ar mhaithe le leas an phobail trí chláir agus stádas ghairm na múinteoireachta a chothú agus a fheabhsú trí rialáil chothrom thrédhearcach.
- 1.2 Toirmisctear le hAlt 30 d'Acht 2001 daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta a íoc as cistí poiblí mura bhfuil siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá sé deartha mar chrann taca le beartas an Rialtais arb éard é gairm múinteoireachta a bheith ann ina bhfuil céimithe cláraithe láncháilithe.
- 1.3 Nuair a thosóidh feidhm Alt 30 an 1 Samhain 2013, beidh **toirmeasc de réir dlí** ar an Roinn agus ar Coistí Gairmoideachias aon duine atá fostaithe i bpost múinteoireachta i scoil aitheanta a íoc mura bhfuil sé nó sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

2. Daoine a ndéanann tosach feidhme Alt 30 difear dóibh

- 2.1 Beidh feidhm ag Alt 30 maidir le daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta.
- 2.2 Níl feidhm aige maidir le duine atá fostaithe—
 - (a) mar mhúinteoir i lárionad oideachais nó i suíomh eile oideachais nó oiliúna (eg Ógtheagmháil, soláthar áirithe SDOG),
 - (b) i scoil aitheanta i ról seachas ról múinteoireachta (féach mír 5 thíos), nó
 - (c) de réir na rialachán ón Aire a dhéanfar faoin Acht Oideachais, 1998 (arna leasú) (féach mír 7 thíos).
- 2.3 Cé nach ceanglas dlí é, chun go n-íocfar duine as cistí poiblí, moltar d'aon duine den sórt sin atá fostaithe mar mhúinteoir in áit seachas scoil aitheanta a chlárú/a clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chothabháil.

3. Beartha atá le déanamh láithreach ag daoine neamhchláraithe atá fostaithe faoi láthair mar mhúinteoirí

- 3.1 Beidh Alt 30 ina dhlí an **1 Samhain 2013**.
- 3.2 Más rud é go bhfuil tú fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta agus go gcreideann tú go bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha agat chun bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ba cheart duit **IARRATAS A DHÉANAMH LÁITHREACH** chuig an gComhairle go ndéanfar tú a chlárú. Tig le clárú, ar a n-

áirítear grinnfhiosrú ag an nGarda Síochána, leanúint ar aghaidh ar feadh roinnt míonna agus má dhéantar aon mhoill iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle anois, d'fhéadfadh nach mbeidh tú cláraithe in am don 1 Samhain 2013. Más rud é, an dáta sin nó dá éis, go bhfuil duine neamhchláraithe ar aon chúis, lena n-áirítear moill, stopfar pá an duine sin.

- 3.3 Ba cheart do dhuine sa riocht sin a fhostóir/a fostóir a chur ar an eolas láithreach freisin maidir leis an riocht sin agus maidir leis na bearta atá á ndéanamh aige/aici chun é a réiteach.

4. Tionchar Alt 30 ar dhuine neamhchláraithe atá fostaithe faoi láthair mar mhúinteoir, lena n-áirítear iad sin atá faoi chead asláithreachta, i scoil aitheanta

- 4.1 Aon duine atá fosaithe mar muinteoir i scoil aitheanta agus nach bhfuil cláirithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar 1 Samhain 2013 nó dá éis, ní fhéidír leis an roinn nó Coiste Ghairmoideachais mar Fhostóir, é/í a íoc trí chiste poibhlí ó aon fhoirse.

4.2 Daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta agus atá incháilithe lena gclárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

I gcás aon duine atá fostaithe mar mhúinteoir agus a bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha aige/aici le haghaidh clárú ach atá neamhchláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta an 1 Samhain 2013 nó dá éis, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) **Ní féidir** é/í a íoc as an tréimhse ama a bhfuil sé nó sí neamhchláraithe lena linn.
- (b) Féadfaidh a fhostóir/a fostóir é/í a chur ar saoire gan phá ar feadh tréimhse theoranta go dtí go gclárófar é/í leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- (c) Íocfar é/í ó dháta a chláráithe/a cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus fillfidh sé/sí ar a chuid dualgas/a cuid dualgas. Ní bheidh aon íocaíocht chúlghabhálach ann don tréimhse a raibh sé nó sí neamhchláraithe lena linn.

4.3 Daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta agus nach bhfuil incháilithe lena gclárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Seachas na poist shonraithe a leagtar amach i mír 5 thíos, agus na heisceachtaí a ndéanfar foráil dóibh le rialachán ón Aire (féach mír 7), ní féidír leanúint de dhuine, atá fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta agus nach bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha aige/aici le haghaidh clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, a íoc as cistí poibhlí an 1 Samhain 2013 nó dá éis.

Tairgfear rogha do dhuine sa riocht sin idir na nithe seo a leanas—

- (a) Saoire neamhláithreachta gan phá go ceann tréimhse nach faide ná 6 bliana nó ag deireadh a chonradh/a conradh fostaíochta, cibé acu is túisce a tharlóidh, ina bhféadfaidh sé/sí na cáilíochtaí a fháil is gá le haghaidh clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nó
- (b) Iomarcaíocht shaorálach de réir théarmaí an Chomhaontaithe ar a dtugtar an *Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* (Meitheamh 2012) (féach Aguisín A)

Ceanglófar ar an duine an rogha is fearr leis/léi a chur in iúl dá fhostóir/dá fhostóir tráth nach déanaí ná **Dé hAoine, an 6 Meán Fómhair 2013**. I gcás go mainníonn sé/sí déanamh amhlaidh, féadfaidh an fhostóir tréimhse ceada asláithreachta gan phá a dheonú dó/di de réir mhír 4.3(a) thuas.

5. Poist áirithe a aicmiú mar phoist nach poist mhúinteoireachta

- 5.1 Tá sainphoist áirithe ann san earnáil oideachais atá ag daoine nach múinteoirí cáilithe iad ach a rangáítear a bpoist go traidisiúnta mar phoist mhúinteoireachta.
- 5.2 I roinnt cásanna, is poist mhúinteoireachta na poist sin, agus bhí sé beartaithe riamh gur poist mhúinteoireachta iad. I gcásanna eile, tá poist ann gur poist teagaisc le fírinne iad nach gá cáilíocht mhúinteoireachta a shealbhú lena n-aghaidh, cé gur measadh go dtí seo gur poist mhúinteoireachta iad. I gcás na poist teagaisc sin, is é/í an duine is cuí le fostú duine ag a bhfuil saincháilíochtaí nó saintaithí beag beann ar cháilíocht mhúinteoireachta a bheith aige/aici. Is é leas mac léinn ó thaobh oideachais é go bhfuil na saincháilíochtaí nó an tsaintaithí ag na daoine a chuireann na cúrsaí sin ar fáil, agus is é leas an phobail é gur féidir leanúint ar aghaidh leis na cúrsaí agus leis na gníomhaíochtaí sin.
- 5.3 Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
Maidir le roinnt cúrsaí a chuirtear ar fáil in Cúrsaí Iar Ardteistiméireachata, is cúrsaí iad ar cuí go ndéanann daoine nach múinteoirí ach ag a bhfuil saincháilíochtaí nó saintaithí iad a chur ar fáil. Déanfaidh an Roinn, i gcomhairle leis na comhlachtaí bainistíochta, na poist sin a shainnint. Déanfar poist den sórt sin a athrangú agus, mar sin, ní mheasfar sa todhchaí gur poist mhúinteoireachta iad. Ní bheidh siad faoi réir cheanglais Alt 30. Cuirfear liosta de na poist sin ar fáil a luaithe is féidir.
- 5.4 Sainphoist áirithe i scoileanna speisialta
Tá líon beag post a dhéantar i scoileanna speisialta a sainnintíodh mar phoist ar cuí gur daoine nach múinteoirí ach ag a bhfuil saincháilíochtaí nó saintaithí (e.g. teagascóir snámha, gairneoraí) a chuireann ar fáil iad. Déanfar poist den sórt sin a athrangú agus, mar sin, ní mheasfar sa todhchaí gur poist mhúinteoireachta iad. Ní bheidh siad faoi réir cheanglais Alt 30. Cuirfear liosta de na poist sin ar fáil a luaithe is féidir.
- 5.5 Séiplínigh scoile
I gcás séiplínigh scoile a n-íocann an Stát iad, meastar gur poist mhúinteoireachta na poist sin agus, mar sin, ba cheart gur múinteoirí cláraithe iad na daoine a cheaptar chuig na poist sin. Aithnítear freisin, áfach, nach í an mhúinteoireacht an ghné is

suntasá a ghabhann le post agus le ham séiplínigh ach cúram tréadach a sholáthar i scoileanna aitheanta. Ag féachaint don chuspóir sin, aon séiplíneach scoile atá i bhfostaíocht faoi láthair agus nach féidir leis/léi clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a fháil, ceadófar dó/di leanúint dá ról príomha arb é cúram tréadach ach beidh toirmeasc air/uirthi gabháil don mhúinteoireacht. Ní mór gur múinteoirí cláraithe iad daoine a cheapfar as an nua chuig poist séiplíneach.

5.6 Tiomantais AE

Tá Éire faoi oibleagáidí ag leibhéal na hEorpa soláthar speisialaithe teanga (teanga dhúchais) a chur ar fáil do leanaí de chuid oifigeach institiúidí áirithe AE. Tá oibleagáid leanúnach ar an Stát an soláthar sin a chur ar fáil. D'fhonn freastal don tiomantas leanúnach sin, déanfar foráil chun eisceacht a dhéanamh sna rialacháin ón Aire chun a cheadú duine neamhchláraithe is cainteoir dúchais na teanga a chuirfear ar fáil a fhostú ar feadh tréimhse suas le haon bhliain scoile amháin.

6. Múinteoirí a Earcú

6.1 Le linn daoine a earcú chuig poist mhúinteoireachta don bhliain scoile 2013/2014, ní mór d'fhostóirí aird a thabhairt ar dháta thosach feidhme Alt 30 arb é atá ann an an 1 Samhain 2013.

6.2 Taobh amuigh de na himthosca an-teoranta, eisceachtúla agus gearrthearma a cheadaítear faoi na rialacháin ón Aire (féach mír 7 thíos), ní féidir duine neamhchláraithe atá fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta a íoc as airgead poiblí an dáta sin nó dá éis.

6.3 I gcás go bhfaigheann fostóir amach, i gcomhlíonadh socrúithe marthanacha faoi Imlitir 0031/2011 ón Roinn, go gcaithfidh sé duine neamhchláraithe a cheapadh, ba cheart dó a chur in iúl don duine sin nach gceadófar íocaíocht a dhéanamh leis/léi an 1 Samhain 2013 nó dá éis má tá sé/sí fós neamhchláraithe tar éis an dáta sin. Athrú is ea an méid sin ón bhforáil atá ann faoi láthair i mír 3.3 d'Imlitir 0031/2011 ón Roinn lena gceadaítear d'fhostóirí duine a cheapadh a bhfuil a chlárú/a clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feiteamh ar feadh tréimhse suas le bliain. Ón 1 Samhain 2013, measfar gur duine neamhchláraithe an duine sin agus ní íocfar é/í as cistí poiblí taobh amuigh de na heisceachtaí a leagtar síos i mír 7 thíos.

6.4 Go háirithe, ba cheart d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar áireamh mar cheanglas nuair a fhógraítear poist mhúinteoireachta fholmha. Ba cheart fianaise ar chlárú reatha a iarraidh freisin sula dtairgtear an post sin; e.g. tríd an bhfostóir do bhreathnú ar admháil íocaíochta athnuachana maidir le clárú an mhúinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta nó trí stádas cláraithe an mhúinteora a sheiceáil ar líne tríd an bhfeidhmíocht *Amharc ar an gClár* atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie.

7. Eisceachtaí ón gceanglas múinteoir cláraithe a fhostú

- 7.1 Tar éis thosach feidhme Alt 30, ní bheidh sé indéanta daoine neamhchláraithe a fhostú in ionad múinteoirí cláraithe ach amháin in imthosca eisceachtúla agus sin ar feadh tréimhse an-teoranta. Ceadófar an méid sin faoi rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoi Alt 24(8) den Acht Oideachais, 1998 (arna leasú leis an Acht Oideachais (Leasú), 2012).
- 7.2 Ní féidir a cheadú leis na rialacháin sin múinteoir cláraithe atá ar fionraí ón gclár, nó ar baineadh a ainm/a hainm den chlár, faoi Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 a íoc as cistí poiblí.
- 7.3 Eiseofar na rialacháin sin in am trátha. I dteannta na forála maidir le tiomantais AE (féach mír 5.6 thuas), beartaítear go ndéanfar foráil leo mar a leanas:
- (a) Féadfar duine neamhchláraithe a cheapadh más rud é go ndearna fostóir gach iarracht réasúnach chun múinteoir neamhchláraithe a cheapadh de réir na ngnáthnósanna imeachta ceapacháin agus nach bhfuil aon mhúinteoir cláraithe ar fáil chun dul i mbun an phoist atá i gceist.
 - (b) Beidh duine neamhchláraithe faoi réir a ngrinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána.
 - (c) Tá duine neamhchláraithe inniúil agus in ann gníomhú in ionad múinteoir cláraithe sa scoil.
 - (d) Ní mór do dhuine neamhchláraithe cáilíocht leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (de réir bhrí an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012) a shealbhú.
 - (e) Déanfar ráta aonair pá le haghaidh daoine neamhchláraithe atá fostaithe faoi na rialacháin sin a íoc le duine neamhchláraithe agus beidh an ráta sin níos ísle ná an ráta is iníoctha le múinteoirí cláraithe.
 - (f) Ní fhéadfar duine neamhchláraithe a íoc as cistí poiblí ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná 5 lá scoile.
 - (g) I gcás go bhfostaítear duine neamhchláraithe, leanfaidh an fostóir de bheith faoi oibleagáid múinteoir cláraithe a aimsiú. Beidh sé ina théarma agus ina choinníoll de chuid chonradh fostaíochta an duine neamhchláraithe go bhfoirceannfar é láithreach más féidir leis an bhfostóir múinteoir cláraithe a chur ina ionad/ina hionad nó ar an tréimhse leanúnach 5 lá do dhul in éag, cibé acu is tuisce a tharlóidh.
 - (h) Ní mór don fhostóir fianaise a choinneáil agus a thabhairt don Aire nach raibh sé in ann múinteoir cláraithe a fhostú in ionad múinteoir neamhchláraithe i scoil aitheanta.

Ní mór don fhostóir é a thairgeadh i miontuairiscí an chéad chruinnithe Bainistíochta eile go bhfuil an ceapachán de réir na rialachán arna léiriú thuas.

- 7.4 Beidh an Roinn agus Coistí Ghairmoideachais faoi cheangal ag na rialacháin sin agus beidh toirmeasc orthu de réir dlí eisceachtaí a dhéanamh i gcásanna aonair. Ní bheidh aon rogha ann gan cloí leis na rialacháin.

8. Poiblíocht

- 8.1 Tá an Roinn, Coistí Ghairmoideachais agus an Chomhairle Mhúinteoireachta tar éis gabháil do chumarsáidí forleathana maidir le saincheist Alt 30 agus leanann siad den mhéid sin a dhéanamh. Ar áireamh air sin, tá fógraí in irisí ceardchumainn, iatáin i mbileoga pá múinteoirí, agus nótaí agus póstaer eolais le haghaidh scoileanna aitheanta. Eisíodh litreacha aonair freisin chuig daoine atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta agus nach bhfuil cláraithe inar cuireadh an ceanglas chun clárú in iúl dóibh.

9. Seoladh le haghaidh comhfhreagrais

- 9.1 Déanfaidh an fostóir an comhfhreagras go léir is gá a sheoladh chuig an múinteoir ag an seoladh deiridh a chuir an múinteoir in iúl agus ní bheidh aon locht ar an bhfostóir i gcás nach bhfaigheann an múinteoir an comhfhreagras sin.

10. Comhlíonadh

- 10.1 Ní mór do gach múinteoir/fostóir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta a leagtar amach san imlitir seo. Má mhainnítear déanamh de réir na rialachán agus na nósanna imeachta, scoirfear den tuarastal mar thoradh air. Ní sholáthrófar cumhdach ionaid do scoileanna ach amháin de réir théarmaí na himlitreach seo.
- 10.2 Ní mór don fhostóir an doiciméadacht iomchuí uile a bhaineann le clárú a choinneáil i dteannta na dtaifead pearsanra iomchuí. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

11. Eolas breise

- 11.1 Déanfar imlitir ina soláthrófar treoir mhionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint ag scoileanna aitheanta i gcás go bhfuil duine, nó go dtagann duine chun bheith, neamhchláraithe an 1 Samhain 2013 a eisiúint ag tús na chéad bhliana scoile eile.
- 11.2 Ba cheart gach ceist i ndáil le clárú a dhíriú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta – www.teachingcouncil.ie agus Section30@teachingcouncil.ie.
- 11.3 Féadfar ceisteanna i ndáil leis an imlitir seo a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: section30_queries@education.gov.ie.

Aguisín A

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014, tá comhaontaithe ag na páirtithe go laghdófar an líon daoine sa tSeirbhís Phoiblí de réir bheartas an Rialtais maidir leis an líon daoine sa tSeirbhís Phoiblí, arna chur i ngníomh trí Chreata Rialaithe Fostaíochta. Chuige sin, deirtear sa Chomhaontú (mír 1.5) go bhféadfaidh an Rialtas, i gcás gur gá é sna himthosca, sásraí saorálacha a thairiscint chun imeacht as an tseirbhís poiblí, i gcoitinne nó in earnálacha sonracha, i gcomhlachtaí sonracha, i suímh shonracha nó i seirbhísí sonracha.

Tá gealltanais (mír 1.6) ar áireamh sa Chomhaontú ó lucht bainistíochta na seirbhíse poiblí nach mbeidh feidhm ag iomarcaíocht éigeantach laistigh den tSeirbhís Phoiblí; tá an méid sin faoi réir roinnt cáilíochtaí ríthábhachtacha, áfach, mar atá, go bhfuil sé faoi réir téarmaí an Chomhaontaithe a chomhlíonadh, go háirithe maidir le solúbthacht ó thaobh ath-implonú. Tá cosaint ann le haghaidh imthosca “ina bhfuil sásraí imeachta ann cheana”. Tá cleachtais bhunaithe ann chun seirbhísigh poiblí a dhéanamh iomarcach in imthosca cuí, ar chonarthaí fostaíochta do dhul in éag nó i gcás go ndearnadh téarmaí iomarcaíochta a chomhaontú nó a chur i bhfeidhm i gcoitinne¹.

Comhaontaíodh é thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil Náisiúnta na gCeardchumann go mbeidh feidhm ag an méid seo a leanas, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, ar sheirbhíseach poiblí, mar a mhínítear sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011² nó grúpa nó aicme seirbhíseach poiblí³ do theacht chun bheith iomarcach:

- Ní mó aon íocaíocht *ex gratia* ná pá 3 seachtaine in aghaidh na bliana seirbhíse, faoi réir an iomarcaíochta iomlán reachtúil agus an íocaíocht *ex gratia* gan a bheith níos mó ná 2 bhliain pá nó an leathchuid den tuarastal is iníoctha suas leis an aois le haghaidh pinsean coimeáda, cibé acu is lú;
- De réir fhorálacha na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 – 2007, níl seirbhísigh poiblí atá fostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 2 bhliain [104 seachtaine] incháilithe le haghaidh íocaíocht téarfa (reachtúil nó *ex gratia*);
- Déanfar é a chur in iúl i scríbhinn do sheirbhísigh poiblí sula nglacfar leis an íocaíocht *ex gratia* nach mbeidh sé/sí incháilithe lena athfhostú/lena hathfhostú sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain ón bhfostaíocht a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, beidh gá le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostú. Beidh ar áireamh sa dearbhú sin freisin údarú gur féidir lena bhfostóir nó le haon

¹ Rinne an Comhlacht Forghníomhaithe a bunaíodh faoin gComhaontú é a thabhairt dá aire [an 17 Feabhra 2012] nach raibh sé beartaithe go ngabhfaidh an Comhaontú ionad na gcleachtas sin.

² Lena n-áirítear seirbhísigh poiblí atá fostaithe ar feadh téarma socráithe, a chomhlíonann na critéir le haghaidh iomarcaíochta faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007 agus ar gá íocaíocht iomarcaíochta a íoc leo de réir an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003.

³ Féadfaidh fostóir seirbhíse poiblí ceadú a mátharRoinne agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a iarraidh chun comhaontú comhchoiteann a dhéanamh le comhlacht a dhéanann ionadaíocht d'fhostaithe iomchuí lena n-athrófar roinnt téarmaí de chuid an chomhaontaithe seo nó téarmaí uile an chomhaontaithe seo. Ní dhéanann an comhaontú comhchoiteann seo aon difear do na socrúithe iomarcaíochta a shonraítear faoi Imlitir 0058/2006 ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

chomhlacht seirbhíse poiblí eile a bhfaisnéis (uimhir agus mionsonraí PSP) a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

Déanfar an comhaontú comhchoiteann seo a athbhreithniú ó am go ham i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíochta agus fioscacha a bheidh i réim.